Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**8143/1/23**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0272(COD)**

**PECHE 124**
**CODEC 567**
**PARLNAT 145**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 26 Meitheamh 2023 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 29 Samhain 2019, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1] faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, arb é is aidhm dó plean bainistíochta ilbhliantúil ICCAT don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, a glacadh in 2018[2], a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 7 Bealtaine 2020.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ón gCoimisiún ag roinnt cruinnithe in 2019. Tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta an 10 Meitheamh 2020[3].

4. Le sainordú athbhreithnithe don chaibidlíocht[4] a d'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe an 4 Samhain 2020, tháinig an Uachtaránacht ar chomhaontú sealadach le Parlaimint na hEorpa ag cruinniú tríthaobhach polaitiúil an 10 Samhain 2020.

5. An 25 Samhain 2020, dhiúltaigh Coiste na mBuanionadaithe don téacs comhréitigh críochnaitheach[5] ina léirítear toradh an chruinnithe thríthaobhaigh sin.

6. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 28 Aibreán 2021[6].

[1] 14710/19 + ADD1
[2] I mí na Samhna 2019, ghlac ICCAT Moladh 19-04 lena leasaítear Moladh 18-02.
[3] 10297/19
[4] 11652/20
[5] 12889/20
[6] P9_TA(2021)0142 Plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir. ***I Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2021 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (COM(2019)0619 – C9–0188/2019–2019/0272(COD)) P9_TC1-COD(2019)0272 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a glacadh ar an gcéad léamh an 28 Aibreán 2021, d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627
IO C 506, 15.12.2021, lgh. 160–216

7. An 16 Meitheamh 2021, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú athbhreithnithe don chaibidlíocht[7] d’fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh le Parlaimint na hEorpa.

8. An 1 Márta 2023, vótáil Coiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa leanúint leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach.

9. Tionóladh cruinniú teicniúil idirinstitiúideach ina dhiaidh sin an 22 Márta 2023, inar tháinig na trí institiúid ar réamh-chomhaontú maidir leis an téacs atá le moladh le haghaidh comhaontú críochnaitheach.

10. An 30 Márta 2023, d’fhormhuinigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí i gcomhréiteach athbhreithnithe ón Uachtaránacht[8].

11. An 5 Aibreán dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs comhréitigh críochnaitheach[9] d’fhonn teacht ar chomhaontú go luath le Parlaimint na hEorpa ar an dara léamh.

12. An 22 Aibreán vótáil Coiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa (PECHE) ar an gcomhaontú sealadach a d’eascair as an gcaibidlíocht idirinstitiúideach.

13. An 27 Aibreán, chuir Cathaoirleach PECHE litir faoi bhráid Uachtaránacht na Sualainne ina ndearbhaítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an Rialachán ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch, go bhformheasfadh an Pharlaimint, gan leasú, an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

## II. CUSPÓIR

14. De bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[10], is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (‘an Coinbhinsiún’) ó bhí an 14 Samhain 1997 ann.

15. Leis an gCoinbhinsiún, déantar foráil maidir le creat do chomhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speiceas atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird tríd an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) a bhunú.

[7] 9167/21
[8] 7820/23 + COR1
[9] 7820/23 + COR1
[10] Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch 33).

16. Is é is cuspóir don Rialachán seo plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm, faoi mar a ghlac ICCAT leis, a chur chun feidhme, ar plean é a bhfuil sé mar aidhm leis bithmhais an tuinnín ghoirm a choinneáil os cionn na leibhéal a theastaíonn le go mbeadh uastáirgeacht inbhuanaithe ann.

17. Ceanglaítear leis an bplean bainistíochta tuinníní gorma a aischur agus a scaoileadh in imthosca áirithe. Ceanglaítear leis gabhálacha tuinníní gorma ar bord soithí iascaireachta a aischur, lena n-áirítear gabhálacha áineasa a théann thar an gcuóta a leithdháileadh ar an soitheach, agus/nó thar uasmhéid na bhfoghabhálacha ceadaithe. Gabhálacha tuinníní gorma ar bord soithí atá faoi bhun an íosmhéid tagartha caomhnaithe, ní mór na gabhálacha sin a aischur freisin, cé is moite de theorainn lamháltais ar leith a leagtar síos i bpleananna iascaireachta bliantúla na mBallstát. Chun go mbeidh a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoi ICCAT á gcomhlíonadh ag an Aontas, déantar foráil le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún[11] maidir le maoluithe ón oibleagáid gabhálacha tuinníní gorma a thabhairt i dtír i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

### A. Ginearálta

18. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu comhaontú a thabhairt i gcrích ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a d’fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas, gan leasú, ar an dara léamh.

19. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, féachtar le Moladh ICCAT 18-02 agus codanna de Mholadh 22-04 ICCAT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ionas go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus deimhneacht dhlíthiúil maidir le rialacha agus oibleagáidí a thabhairt do na hoibreoirí.

[11] Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh agus faoin gCoinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 16, 23.1.2015, lch. 23).

**B. Na príomh-shaincheisteanna**

20. Ar phríomhghnéithe an chomhréitigh ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa, tá na gnéithe seo a leanas:

– na coinníollacha maidir le tuinníní gorma beo nár saothraíodh a thabhairt anonn;
– forálacha a bhaineann le cionroinnt na gcuótaí earnála ag na Ballstáit mar chuid dá bpleananna iascaireachta bliantúla, lena n-áirítear d'iascaigh ar mionscála;
– forálacha a bhaineann le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta;
– rialacha maidir le tuinníní gorma a chur i gcaighean;
– an fhreagracht as imscrúduithe a sheoladh maidir le neamhrialtachtaí gabhálacha tuinníní gorma.

## IV. CONCLÚID

21. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún.

22. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste PECHE chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 27 Aibreán 2023. Cuireann Cathaoirleach Choiste PECHE in iúl sa litir sin go molfaidh sé do chomhaltaí a Choiste, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh, gan leasuithe ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.